CINNEADH (AE) 2020/1496 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Deireadh Fómhair 2020

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT), comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha i ndáil le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Meitheamh 2018, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) maidir le cionroinnt na gcuótaí ráta taraife a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

(2) Tugadh caibidlíochtaí le Ríocht na hIorua i gcrích agus cuireadh inisealacha le Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT), comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha i ndáil le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ("an Comhaontú") an 7 agus an 8 Iúil 2020.

(3) Ba cheart an Comhaontú a shíniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear leis seo, thar ceann an Aontais, síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT), comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha i ndáil le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin. ([1])

Airteagal 2

Údaraítear leis seo d'Uachtarán na Comhairle an duine nó na daoine a ainmniú atá cumhachtaithe chun an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 13 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

([1]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.